



An Bhruiséil, 12 Eanáir 2023
(OR. en)

5109/23

ENER 7
ENV 11

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle
Uimh. an doic. ón gCoim.:	15665/22 + ADD 1
Ábhar:	Rialachán (AE).../... ón gCoimisiún an XXX lena leagtar síos ceanglais éicidhearthóireachta maidir le hídiú cumhachta an mhóid mhúchta, an mhóid fuireachais agus an mhóid fuireachais líonra trealamh tí agus oifige leictreach agus leictreonach de bhun Threoir 2009/125/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1275/2008 ón gCoimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 107/2009 ón gCoimisiún - Cinneadh gan cur i gcoinne an ghlactha (nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú)

1. Agus an beart atá beartaithe a bheith i gcomhréir le tuairim an choiste ábhartha, chuir an Coimisiún an dréachtbheart thuasluaite¹ faoi bhráid na Comhairle go ndéanfar grinnscrúdú air i gcomhréir leis an nós imeachta in Airteagal 5a(3)(a) de Chinneadh 1999/468/CE ón gComhairle². Tar éis don Choimisiún an dréachtbheart a thíolacadh an 2 Nollaig 2022, beidh go dtí an 1 Márta 2023 ag an gComhairle chun cinneadh a dhéanamh cur i gcoinne an ghlactha.

¹ 15665/22 + ADD 1

² Cinneadh 1999/468/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 lena leagtar síos na nósanna imeachta maidir le feidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún (IO L 184, 17.7.1999, lch. 23), arna leasú le Cinneadh 2006/512/CE (IO L 200, 22.7.2006, lch. 11).

2. Iarradh ar na toscaireachtaí aon bharúlacha maidir leis an gcomhad sin a chur isteach faoin 9 Eanáir 2023. Níor thug na toscaireachtaí le fios go bhfuil aon chúis le cur i gcoinne an dréachtbhirt atá i gceist ar na forais a thuairiscítear i gCinneadh 1999/468, is iad sin:
- go sáraítear leo na cumhachtaí cur chun feidhme dá bhforáiltear san ionstraim bhunúsach;
 - go bhfuil sé neamh-chomhoiriúnach le haidhm nó le hinneachar na hionstraime bunúsaí; nó
 - nach n-urramaíonn sé prionsabail na coimhdeachta nó na comhréireachta.
3. Iarrtar, dá bhrí sin, go molfadh Coreper go ndearbhóidh an Chomhairle nach bhfuil aon fhorais ann chun cur i gcoinne an dréachtbhirt. Tuigtear leis sin, mura gcuirfidh Parlaimint na hEorpa ina aghaidh, go bhféadfaidh an Coimisiún an beart atá beartaithe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 5a(3)(d) de Chinneadh 1999/468/CE ón gComhairle.
-